# DÁIL ÉIREANN

*Déardaoin*, 28 *Meitheamh*, 2018
*Thursday*, 28*th June*, 2018

---

RIAR NA hOIBRE
ORDER PAPER

*Déardaoin*, 28 *Meitheamh*, 2018
*Thursday*, 28*th June*, 2018

10.30 a.m.

---

**ORD GNÓ**
**ORDER OF BUSINESS**

**53.** An Bille um Bannaí (Leasú), 2017 — An Dara Céim (*vótáil a cuireadh siar*).
Bail (Amendment) Bill 2017 — Second Stage (*postponed division*).

**28.** Ráitis maidir le Cur i nGníomh na Straitéise Náisiúnta Drugaí "Dochar a Laghdú, Tacú le Téarnamh – Freagairt, atá Bunaithe ar Shláinte, d'Úsáid Drugaí agus Alcóil in Éirinn 2017 – 2025".
Statements on Implementing the National Drug Strategy "Reducing Harm, Supporting Recovery – A Health Led Response to Drug and Alcohol Use in Ireland 2017 – 2025".

**29.** Ráitis maidir le hEaspa Dídine Leanaí Meitheamh 2018.
Statements on Child Homelessness June 2018.

**11.** Tairiscint *maidir le* Tuarascáil maidir le hAthchóiriú ar an gCóras Pionós agus Pianbhreitheanna a Ghearradh.
Motion *re* Report on Penal Reform and Sentencing.

**FÓGRA I dTAOBH GNÓ NUA**
**NOTICE OF NEW BUSINESS**

**4*a*.** An Bille Meabhair-Shláinte (Leasú), 2016 [*Seanad*] — An Dara Céim.
Mental Health (Amendment) Bill 2016 [*Seanad*] — Second Stage.

***b*7.** An Bille um Cheartas Coiriúil (Íospartaigh na Coireachta) (Leasú), 2018 — An Chéad Chéim.
Criminal Justice (Victims of Crime) (Amendment) Bill 2018 — First Stage.

**22*a*.** Tairiscint *maidir le* Ceadú beartaithe ag Dáil Éireann i ndáil leis an Ordú fán Acht um Chomhionannas Fostaíochta, 1998 (alt 12) (Ionaid a chur in áirithe i gcúrsa gairmoiliúna), 2018.
Motion *re* Proposed approval by Dáil Éireann of the Employment Equality Act 1998 (section 12) (Reservation of vocational training places) Order 2018.

## I dTOSACH GNÓ PHOIBLÍ
## AT THE COMMENCEMENT OF PUBLIC BUSINESS

*Billí ón Seanad : Bills from the Seanad*

***4a.*** An Bille Meabhair-Shláinte (Leasú), 2016 [*Seanad*] — An Dara Céim.
Mental Health (Amendment) Bill 2016 [*Seanad*] — Second Stage.

---

*Billí a thionscnamh: Initiation of Bills*

*Tabhairt Isteach*:
*Introduction*:

***b*7.** An Bille um Cheartas Coiriúil (Íospartaigh na Coireachta) (Leasú), 2018 — An Chéad Chéim.
Criminal Justice (Victims of Crime) (Amendment) Bill 2018 — First Stage.

Bille dá ngairtear Acht do leasú an Achta um Cheartas Coiriúil (Íospartaigh na Coireachta), 2017 trí fhaisnéis iomchuí agus comhairle dlí a thabhairt d'íospartaigh cionta líomhnaithe lena ngabhann foréigean gnéasach, foréigean ar bhonn inscne nó foréigean i ndlúthchaidreamh agus do dhéanamh socrú i dtaobh nithe gaolmhara.

Bill entitled an Act to amend the Criminal Justice (Victims of Crime) Act 2017 by affording relevant information and legal advice to victims of alleged offences involving sexual violence, gender based violence or violence in a close relationship and to provide for related matters.

*—Jim O'Callaghan.*

---

*Fógraí Tairisceana: Notices of Motions*

**11.** "Go mbreithneoidh Dáil Éireann an Tuarascáil ón gComhchoiste um Dhlí agus Ceart agus Comhionannas dar teideal 'Tuarascáil maidir le hAthchóiriú ar an gCóras Pionós agus Pianbhreitheanna a Ghearradh', ar leagadh cóipeanna di faoi bhráid Dháil Éireann an 10 Bealtaine 2018.

That Dáil Éireann shall consider the Report of the Joint Committee on Justice and Equality entitled 'Report on Penal Reform and Sentencing', copies of which were laid before Dáil Éireann on 10th May, 2018."

*—Caoimhghín Ó Caoláin,*
*Chairman of the Joint Committee on Justice and Equality.*
[17 *May*, 2018]

---

***22a.*** "Go gceadaíonn Dáil Éireann an tOrdú seo a leanas ina dhréacht:

An tOrdú fán Acht um Chomhionannas Fostaíochta, 1998 (alt 12) (Ionaid a chur in áirithe i gcúrsaí gairmoiliúna), 2018,

ar leagadh cóip de faoi bhráid Dháil Éireann an 26 Meitheamh 2018.

That Dáil Éireann approves the following Order in draft:

Employment Equality Act 1998 (section 12) (Reservation of vocational training places) Order 2018,

a copy of which was laid before Dáil Éireann on 26th June, 2018."

*—An tAire Oideachais agus Scileanna.*

---

**ORDUITHE AN LAE**
**ORDERS OF THE DAY**

**28.** Ráitis maidir le Cur i nGníomh na Straitéise Náisiúnta Drugaí "Dochar a Laghdú, Tacú le Téarnamh – Freagairt, atá Bunaithe ar Shláinte, d'Úsáid Drugaí agus Alcóil in Éirinn 2017 – 2025".
Statements on Implementing the National Drug Strategy "Reducing Harm, Supporting Recovery – A Health Led Response to Drug and Alcohol Use in Ireland 2017 – 2025".

---

**29.** Ráitis maidir le hEaspa Dídine Leanaí Meitheamh 2018.
Statements on Child Homelessness June 2018.

---

**GNÓ COMHALTAÍ PRÍOBHÁIDEACHA**
**PRIVATE MEMBERS' BUSINESS**

*Gnó a ordaíodh*:
*Business ordered*:

**53.** An Bille um Bannaí (Leasú), 2017 — An Dara Céim (*vótáil a cuireadh siar*).
Bail (Amendment) Bill 2017 — Second Stage (*postponed division*).

*—Jim O'Callaghan.*

---

**SCRÍBHINNÍ A LEAGADH FAOI BHRÁID NA dTITHE**
**DOCUMENTS LAID BEFORE THE HOUSES**[1]

| ***Reachtúil*** | ***Statutory*** |
|---|---|
| *Tairiscint Ceadaithe ag Teastáil* | *Requiring Motion of Approval* |
| An tOrdú fán Acht um Chomhionannas Fostaíochta, 1998 (Alt 12) (Ionaid a chur in áirithe i gcúrsa gairmoilúna), 2018. (Dréacht). | Employment Equality Act 1998 (Section 12) (Reservation of vocational training places) Order 2018. (Draft). |
| Comhaontú Aersheirbhísí idir Rialtas Phoblacht Arabach na hÉigipte agus Rialtas na hÉireann. (D) | Air Services Agreement between the Government of the Arab Republic of Egypt and the Government of Ireland. (D) |
| Comhaontú idir Rialtas na hÉireann agus Rialtas Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha le haghaidh Aersheirbhísí idir a gcríocha faoi | Agreement between the Government of Ireland and the Government of the United Arab Emirates for Air Services between and |

[1] I gcás nach leagtar scríbhinn ach faoi bhráid aon Teach amháin, cuirfear (D) – Dáil nó (S) – Seanad ina diaidh dá réir sin.
Where a document is laid before one House only it will be appended with (D) – Dáil or (S) – Seanad accordingly.

seach, agus lastall díobh. (D)

beyond their respective territories. (D)

*In-neamhnithe le Tairiscint*

*Open to Motion to Annul*

*None*

*None*

*Eile*

*Other*

Togra le haghaidh Treoir ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha i ndáil le tréimhse feidhme an tsásra aistrithe muirir roghnaigh i dtaca le soláthairtí earraí áirithe agus seirbhísí áirithe lena mbaineann baol calaoise agus i ndáil le Sásra Frithghnímh Mhear i gcoinne chalaois CBL mar aon le nóta faisnéise míniúcháin.

COM (2018) 298.

Proposal for a Council Directive amending Directive 2006/112/EC on the common system of value added tax as regards the period of application of the optional reverse charge mechanism in relation to supplies of certain goods and services susceptible to fraud and of the Quick Reaction Mechanism against VAT fraud together with explanatory information note.

COM (2018) 298.

Comhairle na nDochtúirí Leighis. An Tuarascáil Bhliantúil agus na Ráitis Airgeadais, 2017.

Medical Council. Annual Report and Financial Statements, 2017.

Togra le haghaidh Rialachán ón gComhairle lena mbunaítear Ionstraim Eorpach maidir le Sábháilteacht Núicléach lena gcuirtear leis an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta ar bhonn Chonradh Euratom mar aon le nóta faisnéise míniúcháin.

COM (2018) 462.

Proposal for a Council Regulation establishing a European Instrument for Nuclear Safety complementing the Neighbourhood, Development and International Cooperation Instrument on the basis of the Euratom Treaty together with explanatory information note.

COM (2018) 462.

RTÉ. An Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais an Ghrúpa, 2017.

RTÉ. Annual Report and Group Financial Statements, 2017.

Togra le haghaidh Rialachán ón gComhairle lena mbunaítear an clár um chabhrú le díchoimisiúnú núicléach de chuid ghléasra cumhachta núicléiche Ignalina sa Liotuáin (clár Ignalina); agus lena

n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1369/2013 ón gComhairle mar aon le nóta faisnéise míniúcháin.

COM (2018) 466.

Proposal for a Council Regulation establishing the nuclear decommissioning assistance programme of the Ignalina nuclear power plant in Lithuania (Ignalina programme); and repealing Council Regulation (EU) No. 1369/2013 together with explanatory information note.

COM (2018) 466.

Ráiteas i scríbhinn maidir leis na téarmaí agus na coinníollacha (conradh) faoina ngníomhaíonn nó faoinar ghníomhaigh an Comhairleoir Speisialta, George McGrath, Tiománaí Sibhialtach, mar Chomhairleoir Speisialta don Teachta Ciarán Ó Canáin, Aire Stáit ag an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, de bhun alt 19(4)(a) de na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995

Statement in writing of the terms and conditions (contract) under which Special Adviser, George McGrath, Civilian Driver, acts or acted as a Special Adviser to Deputy Ciarán Cannon, Minister of State at the Department of Foreign Affairs and Trade, pursuant to section 19(4)(a) of the Ethics in Public Office Acts 1995 and 2001.

agus 2001.

Ráiteas i dtaobh an gaol an Comhairleoir Speisialta, George McGrath, Tiománaí Sibhialtach, a ghníomhaíonn nó a ghníomhaigh mar Chomhairleoir Speisialta don Teachta Ciarán Ó Canáin, Aire Stáit ag an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, leis an sealbhóir oifige, nó an é a pháirtnéir sibhialta é, de bhun alt 19(4)(a) de na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus 2001.

Statement as to whether Special Adviser, George McGrath, Civilian Driver, who acts or acted as a Special Adviser to Deputy Ciarán Cannon, Minister of State at the Department of Foreign Affairs and Trade, is a relative or civil partner of the office holder pursuant to section 19(4)(c) of the Ethics in Public Office Acts 1995 and 2001.

An tOrdachán um Pleanáil agus Forbairt (Pleán Limistéir Áitiúil an Inbhir Mhóir agus a Phurláin, 2018 – 2024), 2018.

Planning and Development (Arklow and Environs Local Area Plan 2018 – 2024) Direction 2018.

An Fodhlí um Cháilíochtaí Ceadaithe de chuid Bhord Clárúcháin na bhFisiteiripeoirí, 2018 (I.R. Uimh. 205 de 2018).

Physiotherapists Registration Board Approved Qualifications Bye-Law 2018 (S.I. No. 205 of 2018).

An Fodhlí um Cháilíochtaí Ceadaithe de chuid an Bhoird Clárúcháin Súil-Liachta, 2018 (I.R. Uimh. 205 de 2018).

Optical Registration Board Approved Qualifications Bye-Law 2018 (S.I. No. 207 of 2018).

An tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann. An Tuarascáil Bhliantúil agus na Ráitis Airgeadais, 2017.

National Standards Authority of Ireland. Annual Report and Financial Statements, 2017.

***Neamhreachtúil***

*None*

***Non-Statutory***

*None*